EAGÓIR AR ḊÚN NA NGALL

Níl Aon Tairgeoirí Sicíní sa Ċondae

TÁ ÁḂAR GEARÁIN MÓR I NDÚN NA NGALL NA LAEṪA SEO NAĊ ḂFUIL LUĊT SOLÁṪARTAÍ SICÍNÍ AR BIṪ AR AN LIOSTA Ó ḊÚN NA NGALL.

Liam Buchanan, a ṫóg an ċeist ag cruinniú den ċoiste talṁaíoċta, agus tá muintir na Gaeltaċta fíor buíoċ dó as seo a ḋéanaṁ.

Ní hé seo an ċéad uair nó an ċéad dóiġ ar dearnaḋ leatċeal mór ar luċt Gaeltaċta Ḋún na nGall.

Dúraḋ ag an ċruinniú den ċoiste go raiḃ sé ró ṁall anois le rud ar biṫ a ḋéanaṁ leis an scéal a leiġeas i mbliana, aċ go ndéanfaí fiosrú faoi roiṁ an séasúr seo ċugainn.

Dúirt an tUasal Ó Buchanan go ndeaċaiġ an conraḋ fá ċoinne soláṫar na sicíní ċuig feirm taoḃ amuiġ de Ḋún na nGall — gnóluċt nár ċeannaiġ uiḃ amáin i nDún na nGall i mbliana. Ba ḃroċ rud seo do na feirmeaċa soláṫartaí do na gorlanna, agus d'fágfaí iad ar a láṁa dá réir seo. Ba trom an breiṫ ag an Roinn le glacaḋ é, agus ḃí seisean ag diúltú go láidir de, agus nár glacaḋ comairle le oifigeoirí ar biṫ den ċoiste talṁaíoċt sul ar socraíoḋ é seo.

Iarraiḋ ar na gorlanna tairiscintí a ċur isteaċ, aċ taoḃ amuiġ de sin, siad na feirmeaċa soláṫartaí a ḃeaḋ thíos leis ag deireaḋ. Ċeana féin, ċuaiġ cuid ṁaiṫ de na feirmeaċa seo as gnó agus ḃí eagla air go leanfaḋ daoine eile iad. Bain an socrú seo mí-ṫapú as na Teagascóirí, ionnus naċ raiḃ luċt feirmeaċa ábálta a gcuid uiḃeaċa a ċur de láiṁ.

Dúirt Anraoi Ó Bléine, gur ċeart iarraiḋ ar an Roinn soláṫar na sicíní a ċoinneáil teoranta do gorlanna insan ċondae, aċ dá mba rud é gur na gorlanna a ċuir iad féin amaċ as an ṁargaḋ, ċaiṫfeaḋ siad breaṫnú ar na fíorais agus na figiúirí sula dtaḃarfaḋ siad breiṫ ar an scéal. Níor ṁeas sé go dtaḃarfaḋ an Roinn an conraḋ do ḋaoine as taoḃ amuiġ dá mbeaḋ na figiúirí measarṫa coiṁlinteaċ ó dreamanna sa ċondae.

D'fiafraiġ S. Patterson, dá mba rud go raiḃ na praġasanna ró árd ag na gorlanna, an aṁlaiḋ sin agus go gcaiṫfí a teaċt anuas ar na feirmeaċa soláṫartaí? Ba ċóir go mbeaḋ bealaċ éicint leis na h-uiḃeaċa a ċur dá láiṁ, agus go dtógfaḋ na gorlanna taoḃ amuiġ cuid díoḃa.

Dúirt Pádraic Ó Ceallaiġ gur tuiġ sé gur fearr an gnóluċt as taoḃ amuiġ a gcuid praġasanna, nuair a ċur gorlanna Ḋún na nGall isteaċ a gcuid tairiscintí. Na tairiscintí céanna le blianta eile, agus tiontóḋ anuas iad.

An tUasal Patterson: Coiṁlint beaṫa na tráċtála.

Dúirt C. Ó Baoill go raiḃ cuma air go raiḃ rud éicint bun ós cionn leis an scéim i mbliana nó gur ċuir na gorlanna áitiúla isteaċ na luaċa céanna.

An tUasal Buchanan — Fá na feirmeaċa soláṫartí atá imní ormsa. Cuireaḋ an gnó siar go ndéanfaí fiosrú faoi.

GANTANAS TEAGASCÓIRÍ TALṀAÍOĊTA I DTÍR ĊONAILL

TÁ GANNTANAS MILLTEANAĊ TEAGASCÓIRÍ TALṀAÍOĊTA I NDÚN NA NGALL, AGUS NÍ FÉIDIR LEIS AN COISTE FIÚ AN GNÁĊ MÉID A ḂÍOḊ ACU ROIṀE SEO A FÁIL, GAN TRÁĊT AR AN MÉADÚ A ḂÍ LE DÉANAṀ AR TEAGASCÓIRÍ TALṀAÍOĊTA INS NA CONDAEṪA IARṪARAĊ.

Is ionann seo, agus naċ ḃfuil Coiste Talṁaíoċta Ḋún na nGall, ábalta moltaí na Roinne a iompar amaċ, agus tá siad ag iarraiḋ anois ar an Roinn, caḃrú leo leis an faḃb seo a réiteaċ.

Dúraḋ ag an ċruinniú deireannaċ den ċoiste go raiḃ 11 folúntais ar an buan-ḟoireann, agus go raiḃ sé an deacair daoine fáil le iad a líonaḋ. Ceapaḋ duine as Co. Ṡligiġ, Deireaḋ Fóṁair seo caite, aċ tá scéal anois naċ ḃfuil sé ag glacaḋ an post i nDún na nGall.

Dúirt an Caṫaoirleaċ, C. Ó Gallċoḃair, go raiḃ sé iontaċ mí-ṡásúil don ċoiste agus don Príoṁ-Oifigeaċ, gan an foireann riaċtanaċ ní tiocfaḋ obair a ḋéanaṁ.

Dúirt P. Mac Gaḃann, ós rud é go raiḃ mí-ḃuntaiste tíreolais ag baint le Dún na nGall, go gcaiṫfí tuarastal breise a ċur ar fáil.

Ṁeas an Caṫaoirleaċ gur ċeart conraḋ trí-ḃliana a ḋéanaṁ leis na daoine a ġeoḃaḋ ceapaċán an Ċoiste. Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ dá gcuirfí conraḋ mar sin ann go mbeaḋ cás fá ċoinne árdú tuarasdail.

Dúirt an tUasal Buchanan gur ċeart díoḃa an cás a ċur ós comair na Roinne agus a iarraiḋ orṫa é réiteaċ.

Dúirt Anraí Ó Bléine go raiḃ sé iontaċ olc ar fad nuair naċ raiḃ seirḃísí an Ċoiste ar fáil aċ do leaṫ na condae.

CAOṀNÚ GÉIM I GCONAMARA

Ag cruinniú ag Crosaire an Ṁáma, le déanaí ḃí plé ag Muintir na Tíre, faoi ċeist ainṁiṫe ⁊ éanlaiṫ créaċta a dioċur i gConamara. Dúraḋ leis an ċruinniú de Muintir na Tíre go raiḃ roinnt feilméaraí fán Líonán ⁊ Cor na Móna ar ṁaiṫ leo a leitéid do eagras a ḟeiscint ar bun arís. Pléaḋ freisin, ceist margaḋ olna a ḃunú i gCorr na Móna, aċ cinneaḋ go ḃfuil an móḋ atá ann san am i láṫair, feiliúnaċ go leor don ḟeilméar, gur féidir leis an olann a ḋíol ar an ṁargaḋ oscailte. Beiḋ an cruinniú cinn-ḃliana de Ṁuintir na Tíre in Uaċtar Árd ar an 26ú lá do Aibreán. Cuireaḋ rún coṁḃrón i ḃfeiḋm le Muintir de Paor ⁊ mbás Liam de Paor go tubaisteaċ, le déanaí.

ḂÓTÁIL I NDÚN NA NGALL

Ḃí coiṁlint an géar insan ḃótáil san taoḃ Ṫiar Ṫeas de Ḋún na nGall Dé Ceadaoine, agus an ċoiṁlint ar fad idir an dá páirtí móra.

Tá muinín láidir ag Fine Gael go mbainfiḋ siad suíoċán anseo, agus ar feaḋ seaċtaine roiṁ lá na ḃótaí, ḃí Fianna Fáil ar a ṡean ndíċeall ag iarraiḋ an dá ṡpíoċán a ċoinneáil.

Ḃí an ḃótáil ċoṁ h-árd, deirtear, agus a ḃí ariaṁ san taoḃ ṫiar do Ḋún na nGall, agus ḃí an dá ṫaoḃ muiníneaċ go maiṫ go ndearna siad go maiṫ. Ḃí neart carranna ag an dá ṫaoḃ agus tugaḋ amaċ aċan ḃótóir a ḃféadfaí a ṫaḃairt.

Ḃótáil Oileán Áranna Dé Saṫairn seo caite, agus ḃí sé ar ceann de na háiteaċa ba lú a ḃí ḃótáil, aċ sin as eile níos airde ná an t-am deiriḋ. Ḃí áiteaċa fríd na Rosa naċ raiḃ ḃótáil ró áird aċ oireaḋ, aċ ní hé naċ dtiocfaḋ na daoine amaċ, aċ go ḃfuil cuid mór den ṗobal taoḃ ṫall den uisce. Measann daoine tuiscionaċa go m'féidir go gcoinneóḋ Fianna Fáil an suíoċán aċ gan mórán ar biṫ ḃótaí le sparáil acu.

AN ḂÓTÁIL I GCONAMARA

Tá lá an Toġċáin ṫart, agus is fada ó ḃí oireaḋ fuinniṁ agus oireaḋ coiṁlint agus oireaḋ díograis fríd Conamara. Ní hé sin go raiḃ níos mó suime ins na Páirtiṫe, aċ go raiḃ níos mó d'iarraṫóirí ó Ċonamara ann. Do na trí suíoċáin i nDáilċeantar Ċonamara, ḃí seaċt iarraṫóir, triúr ag Fianna Fáil, triúr ag Fine Gael, agus duine aṁáin ag an Luċt Oibre. Níor ċuaiġ Mac an Iomaire, suas ar son Clann na Poblaċta, agus ḃí daoine buarṫa mar tá 2,000 tacadóirí ar a laġad aige. Ḃí beirt ó gaċ ceann den dá ṗáirtí móra ó Ċonamara, agus ḃí coiṁlint an ġéar.

Ḃí ḃóta an árd ar fad in Ros-muc, áit a ndearna Míċeál Breanaċ go h-an ṁaiṫ.

Ċífeá a toraḋ sin faoi Carna freisin, áit a dtáinig níos mó daoine amaċ, ná ba gnáċ, le ḃóta a ṫaḃairt do Mac Eoċagáin.

Agus ḃí díogras ṫar an gnáċ ṫart timpeall an Cloċán, ag ḃótáil do Ṗádraig Seoiġe.

Ḃí beirt ón ċeantar seo, An Seanadóir Seán Ó Mainín, duine a ḃí ina T.D. roiṁe, agus a ḃfuil taiṫí ṁaiṫ aige ar cúrsaí polaitíoċt, agus ḃí an coiṁlint an ġéar san gceantar.

Ḃí eagras maiṫ ag na Páirtiṫe go léir, neart gluaisteán, agus tugaḋ amaċ gaċ duine a b'ḟéidir. Meastar go ḃfuil an per centage ḃótála níos áirde fríd Ċonamara ná ḃí sé le fada an lá.

Táṫar cinnte de rud aṁáin ar aon nós, go mbeiḋ duine aṁáin de ṁuintir Ċonamara istiġ, agus meastar gurb é an duine sin ná Seán Mac Eoċagáin. Meastar leis, go mbeiḋ an dara suíoċán ag Fiontán Ó Cuagáin.

Cé go ḃfuil seans, má ġeiḃeann Ó Máinín aistriú ḃótaí ó Breaṫnaċ, go m'ḟéidir go mbeaḋ sé níos áirde ná é. aċ sé an áit a mbeiḋ an coiṁlint ar fad ná don triú suíoċán. Is dóċa go mbeiḋ an coiṁlint anseo idir Ó Maolḃuaiġ, agus an dara duine de Ḟine Gael. Ní ṁeastar go mbeiḋ MacGaḃann ċoṁ h-árd sin, agus go mbeiḋ páirt ar biṫ aige san ġnó, cé go ḃféadfaḋ a ċuid aistriú tionċar a ḃeiṫ aige ar an ḃóta deiriḋ.

Ḃí an ḃótáil ḃríoṁar go maiṫ i gCaṫair na Gaillliṁe ċoṁ maiṫ.

ACAILL

Tá roinnt ṁaiṫ feilméaraí i gceantar Tóin Ré Gaoṫ, taréis dul le ċéile agus scéim uisce a ḃunú féin, leis an t-uisce píoḃán a ṫaḃairt isteaċ sna tiṫe. Táṫar ag tógáil an uisce ó tobar fíor-uisce ar sleasa Cnoc Maolraiṫne.

Cúis bróin sa ċeantar bás Máire Bean Uí Ċillbáin, as Sráiṫín. D'éag sí i nGlascú Dé Saṫairn seo ċaite, in aois 74 bliana. Tugaḋ an corp na ḃaile tráṫnóna Dé Máirt, agus ċuaiġ an soċraid go reilig Goḃ an Ċoire, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ Dé Ceadaoine. Níṫear coṁḃrón lena h-iníonaċa, Máire, Máiréad, Bríd, Caitríona agus Áine, a ṫáinig na ḃaile ó Albain leis an ċorp.

An tseaċtain seo caite freisin d'éag Máire Bean Seoiġe, as Corráin, in aois a 84 bliain. Tugaḋ an corp go Séipéal Corrán, Dé Ceadaoine agus taréis Aifreann Solúnta na Marḃ maidin Diardaoin, ċuaiġ an soċraid go reilig Goḃ a' Ċoire. Níṫear coṁḃrón lena clann, Pádraic, Brian, Míċeál, Proinnsias, Seán agus Peadar, agus iníonaċa, Máire, Cissie agus Caitlín, ins na Stáit Aontaiṫe, agus Bríd, sa ḃaile.

Nuair a ḃuaiġ Naoṁ Seosaṁ ar Corrán (le scór 3-8 i gcoinniḃ 0-8) insan craoḃ ċluiċe leaṫ-ċeannais idir Naoṁ Pádraig, Naoṁ Seosaṁ, Naoṁ Uinsionn ⁊ Goḃ a' Ċoire. Dé Doṁnaiġ seo ċaite, ag Caol, h-imreaḋ an dá ċluiċe leaṫ-ċeannais, agus anois tá ċuile rud réitiṫe don ċluiċe ceannais a eagrófar seaċtain ón Doṁnaċ seo ċugainn, 11ú Aibreán.

Dé Doṁnaiġ seo caite, an 4ú Aibreán, ḃí Acaill ag imirt don ċéad uair i gcluiċe ceannais na sóisear. In éadan Caṫair na Mart a ḃí siad ag imirt, i gCaṫair na Mart. Ḃí roinnt ṁaiṫ luċt tacaíoċta leo as Acaill.

COIṀLINT GÉAR

Ḃí an feaċtas toġċánaíoċta fá lán tseoil i Muiġeo le seaċtain, agus é ag éirí níos soiléire do gaċ duine cé mar ḃéas an scéal. Níl aṁras ar biṫ ar éinne ná go raċaiḋ Annraoi Ó Cionnaiṫ, Míċeál Ó Móráin ⁊ Seán Ó Flanagain, isteaċ do na céad trí suíoċáin. Aċ, tá ceiṫre suíoċáin ann. Níl Seosaṁ Ó Blaḃaic ag dul suas arís. Níl Clann na Talún ag ainmniú aon duine agus tá an ceaṫrú suíoċán fá ċoinne cibé a ḃaineas é.

Mar ionadaí do na feilméaraí beaga, atá Seán S. Ó Caṫáin ag dul suas faoi ḃrataċ Fianna Fáil. Beiḋ sé ag brat cuid mór, ar ndóiġe, ar ḃótóirí nó iar-ḃótóirí Ċlann na Talún. Cibé bealaċ a iompóiḋ siad-san sin mar a raċfas an ceaṫrú suíoċán i Muiġeo Ṫeas.

Cibé ar biṫ, tá an dá ṗáirtí móra ag taḃairt aire go leor do ċúrsaí toġċáin i Muiġeo. Ḃí an Taoiseaċ, Seán Lemass, ag caint i mBéal Áṫa an Feaḋ, ag cruinniú mór ar an ḃaile, taréis an Aifreann deireannaċ Dé Doṁnaiġ seo caite, agus i gCaisleán an Ḃarraiġ, na ḋiaiḋ sin ar a 8 a' clog san oíċe. Agus ar an gCeadaoin ina ḋiaiḋ sin, ṫáinig an tUasal Ó Diolúin go Béal Áṫa an Feaḋa, áit ar labair sé le cruinniú ollṁór ag 9.30 san oíċe.

Ḃí Coṁḋáil an mór ag Fianna Fáil i mBéal Áṫa an Feaḋ, agus toġaḋ Feilim Mac Giolla Laoġaire agus T. Ó Coragáin. I mBaile Áṫa Cliaṫ atá Ó Coragáin 'na ċónaí, aċ is ón ċeantar é. Is leis an Oruell Lodge Hotel Rathgar, agus is páirt-uainéar é den Mount Pleasant Inn, Rathmaoinis. Ċeannaiġ sé tiṫe Éamon T. Mac Suiḃne, Maolraiṫne, agus tá sé a' ḋul a ċónaí ann anois.

Ṫoġ an Ċoṁḋáil de breis agus 300 i mBéal Áṫa an Feaḋ, é féin agus Mac Giolla Laoġaire, agus ansin, ċuir an t-árd ċoṁairle ainm Seosaṁ Ó Líonaċáin leis.

Tá árd dóċas ag Fianna Fáil go gcuirfear isteaċ beirt den triúr sin, Feilim Mac Giolla Laoġaire agus duine eile. Tá an dóċas céanna ag Fine Gael, go gcuirfear isteaċ beirt den triúr s'acu-san. Míċeál de Brún, a ḃí ina T.D. Pádraic Ó Loinsiġ, a ċaill a ṡuíoċán toġċáin deireanaċ, agus a ḃí 'na leas-ċaṫaoirleaċ ar an tSeanad, agus an tUasal Ó hEadhra, iar-ḃall de Ċlann na Talún.

Rud aṁáin, is cinnte go mbeiḋ ḃóta iontaċ árd i Muiġeo Ṫuaiḋ.

AN SPIDÉAL

AĊRANN FÁ TALAṀ AR AN LOĊÁN BEAG

Ḃí cúis insan Árd Ċúirt i nGaillim fá feilm 18 acraí ag Caiseal Maidín, Loċán Beag, Spidéal, nuair a rinne Séamas Mac Giolla Ċearra, aċomairc i gcoinniḃ breiṫ na Cúirte Cuarda.

Sa Ċúirt Ċuarda, tugaḋ ordú do Stiofán Ó Finneaḋa, An Spidéal, a ċónaíos ceiṫre ṁíle ón ḟeilm, ordú ag cur cosc le Séamas Mac Giolla Ċearra, dul isteaċ ar a ċuid talaiṁ, agus ag taḃairt £1 damáistí agus costais.

Ċeannaiġ Mac Giolla Ċearra talaṁ in aice leis an ḟeilm seo roinnt blianta ó ṡoin, agus ó 1960, dúirt an tUasal Ó Faṫaiġ, D.L., ṫar ċeann Ó Finneaḋa — "Ḃí a ċuid stoc i gcónaí istiġ ar ċuid talaiṁ Ó Finneaḋa."

Ḃí Mac Giolla Ċearra ag séanaḋ gur leis an stoc, nó gur ḃris sé na rálaċa. I ḃfianaise, dúirt Séamas Mac Giolla Ċearra naċ dtug Ó Finneaḋa cúram mar is ceart dona claiṫeaċa. Ní raiḃ Ó Finneaḋa ag taḃairt aire dá ċuid talaiṁ ⁊ ḃí eallaċ eile ag teaċt isteaċ ón talaṁ coitean fríd talaṁ Ó Finneaḋa, agus isteaċ ina ċuid-san. D'aḋmaiġ sé gur scríoḃ sé ċuig Coimisiún na Talún ceiṫre bliana ó ṡoin, ag iarraiḋ orṫa talaṁ Ó Finneaḋa a ġlacaḋ. Ba ṁaiṫ leis fáil amaċ cé'r leis é go ceart, mar ní raiḃ fios aige gur le Ó Finneaḋa é. Roinnfí an talaṁ ar ṁuintir an ċeantar. Ṡéan Mac Giolla Ċearra naċ raiḃ Ó Finneaḋa ag baint úsáid as an talaṁ le trí bliana, ceann as go raiḃ seisean ag baint úsáide as.

Dúirt an Breiteaṁ Naugh go raiḃ cosúlaċt ann gur ag Ó Finneaḋa a ḃí an fírinne, agus mar sin, ċaiṫ sé amaċ aċoṁairc Mac Giolla Cearra, le costaisí.

AN LÍONÁN

Ḃí a Ġrása, an Dr. Sár Oirṁinneaċ Breaṫnaċ, Árd Easpag Ṫuama, ar ċuairt easpaig go dtí an Líonán an tseaċtain seo caite. Ċuir sé páistí na paráiste faoi Láiṁ Easpag in Fionnṁuiġ ar an iarnóin ar an Diardaoin ⁊ tráṫnóna Dé Doṁnaiġ ċuir sé páistí an Líonáin faoi Láiṁ Easpaig. Ḋein sé coṁġairdeaċas leis na sagairt, na múinteoirí agus na páistí as ċoṁ maiṫ agus a ḃí siad.